SIOBHÁN PARKINSON • NENE LONERGAN

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA



ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 1 30/07/2026 18:21

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE: Ní neart go cur le chéile

Little Island Books CGA i gcomhar leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála a d'fhoilsigh in 2026

Cóipcheart © An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Gach ceart ar cosaint. Ní féidir aon chuid den leabhar seo a athchló ná a atáirgeadh ná a úsáid ar aon bhealach leictreonach, meicniúil ná eile, arb eol anois nó a chumfar feasta, lena n-áirítear fótachóipeáil agus taifeadadh nó eile, gan toiliú roimh ré ó úinéir an chóipchirt.

Siobhán Parkinson a scríobh i nGaeilge agus i mBéarla
Léaráidí le Nene Lonergan
Dearadh le Sarah McCoy

Colorman a chlóigh in Éirinn
ISBN: 9781918353921

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

An Roinn Gnóthaí
Eachtracha agus Trádála
Department of
Foreign Affairs and Trade

Little Island
Books create waves

SIOBHÁN PARKINSON • NENE LONERGAN

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE

AN ROINN GNÓTHAÍ EACHTRACHA AGUS TRÁDÁLA

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU
Uachtaránacht na hÉireann ar Chomhairle an Aontais Eorpaigh 2026
Irish Presidency of the Council of the European Union 2026

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 3 30/07/2026 18:21

Clár na nÁbhar

Réamhrá 6

1. Ní Neart go Cur le Chéile
Gnóthaí Ginearálta 8

2. Plé leis an Domhan
Gnóthaí Eachtracha 10

3. Bainistiú Gheilleagar an AE
Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais 12

4. Eoraip Slán Sábháilte
Ceartas agus Gnóthaí Baile 14

5. Aire a Thabhairt do Mhuintir an AE
Fostaíocht, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí 16

6. Eoraip Rathúil
Iomaíochas **20**

7. Ag Taisteal, i dTeagmháil, ag Úsáid Fuinnimh
Iompar, Teileachumarsáid, Fuinneamh **22**

8. Feirmeoireacht agus Iascaireacht
Talmhaíocht agus Iascaireacht..... **24**

9. Cosaint an Chomhshaoil
An Comhshaol..... **26**

10. Mol an Óige - Foghlaim agus Spraoi
Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt **28**

Maidir le Leathanaigh **30**



Réamhrá

Is grúpa de 27 tír Eorpacha é an tAontas Eorpach (AE). Oibríonn na tíortha sin ar fad le chéile chun gur féidir le muintir na hEorpa maireachtáil go síochánta agus go rathúil in éineacht. Déanann an AE iarracht an saol a fheabhsú do gach éinne atá ina gcónaí ann — tusa san áireamh.

De réir an AE, tá sé tábhachtach go mbeadh sciar freagrachta ag na tíortha go léir as obair an AE. Samhlaigh gur rás sealaíochta atá i gceist: is spórt foirne é, ach faigheann gach duine deis rith leis an mbata.

Tá sé rud beag mar sin leis an AE. Chun deis a thabhairt do gach tír bheith i gceannas ar chuid den obair, tá rud ann ar a dtugtar – fan leis! — Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh, nó i mbeagán focal, Uachtaránacht an AE. Bíonn deis ag gach tír an Uachtaránacht a ghlacadh ar feadh sé mhí ar a seal. Más rud é go bhfuil cloigeann matamaitice ort, tuigfidh tú cé chomh minic agus a fhaigheann gach tír seal — is é an freagra ná: ní go rómhinic.

Bíonn tír na hUachtaránachta i gceannas ar chruinnithe na Comhairle. Caithfidh sí a chinntiú go bpléitear gach rud i gceart agus – níos deacra fós – go gcomhaontaítear é, agus go gcuirtear na pleananna i bhfeidhm. Dúshlán é seo, ar ndóigh, ach tá an comhréiteach ar fheabhas ag an AE – is é sin le rá go bhfuil

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 6 30/07/2026 18:21


na tíortha ar fad measartha sásta leis an méid atá comhaontaithe, fiú mura bhfuil an méid a bhí uathu faighte acu.

Is í an dara leath de 2026 seal na hÉireann chun Uachtaránacht an AE a bheith aici. Is féidir leat rud beag a léamh sa leabhar seo faoi na rudaí atá beartaithe ag Éirinn a dhéanamh le linn a hUachtaránachta. Beidh a cuid oibre bunaithe ar na téamaí seo a leanas:

* iomaíocht (gnó a dhéanamh go maith, ionas go bhfanfaidh an AE rachmasach)
* luachanna (na smaointe a spreagann an AE)
* slándáil (an Eoraip a choinneáil sábháilte)

Tagann tíortha an AE le chéile go minic chun obair an AE a phlé. Tá deich gcaibidil ghearra sa leabhar seo, caibidil amháin faoi gach ceann de na réimsí oibre.

Is leabhar dátheangach é seo, agus is í seo an chéad uair a bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar theanga iomlán oibre de chuid an AE agus Éire ina hUachtarán.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 7 30/07/2026 18:21

1.
Ní Neart go Cur le Chéile

Gnóthaí Ginearálta

Is cosúil le teaghlach mór iad tíortha an AE. Mar aon le teaghlaigh eile, ní bhíonn siad i gcónaí ar aon intinn, ach déanann siad a ndícheall réiteach le chéile de ghnáth. An rud is mó a spreagann lucht an AE teacht le chéile ná go bhfuil meas acu go léir ar na smaointe seo a leanas:

* an daonlathas (deis labhartha ag gach duine)
* an comhionannas (meas ar chearta gach duine, cuma cé hiad)
* an smacht reachta (imirt de réir na rialacha)

Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann a sár-dícheall a chinntiú go n-imreoidh gach duine de réir na rialacha céanna.



Tá tíortha Eorpacha ann nach bhfuil san AE — mar shampla an Ríocht Aontaithe. Tá siadsan cosúil leis an dream


EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 8 30/07/2026 18:21

a bhíonn ina gcónaí béal dorais, agus ní mór dúinn réiteach leosan chomh maith.

Ba mhaith le cuid de na tíortha comharsanachta bheith páirteach i dteaghlach an AE (amhail Montainéagró, an Albáin, an Mholdóiv, agus an Úcráin), agus beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh cabhrú leosan é sin a dhéanamh sula i bhfad. An focal a bhíonn in úsáid faoin méid sin – tíortha nua a thabhairt isteach san AE – ná méadú.

Tá go leor rialachán i bhfeidhm san AE agus cuid díobh iontach casta. Bhí cúis mhaith ag baint leo uair, ach tá cuid acu faighte doiléir agus bíonn sé deacair iad a thuiscint uaireanta. Dá mbeadh na rialacha níos simplí, bheadh sé níos éasca rudaí tábhachtacha a dhéanamh, mar shampla tithe a thógáil, fuinneamh glas a ghiniúint agus cursaí gnó a shaothrú. Mar sin, déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann iarracht na rialacha a dhéanamh níos simplí do chách.

Aon eagraíocht a mbíonn airgead á chaitheamh acu, caithfidh siad buiséad a bheith acu – plean faoin modh is fearr a gcuid airgid a chaitheamh go stuama. Tá buiséad ollmhór ag an AE, ar a dtugtar an CAI (ná cuir ceist!). Beidh sé ina thasc iontach mór d'Uachtaránacht na hÉireann obair ar CAI 2028–34.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 9 30/07/2026 18:21



2. Plé leis an Domhan

Gnóthaí Eachtracha

Bíonn an AE ag iarraidh a bheith ina fhórsa maitheasa ar fud an domhain. De réir an AE, is é an tseift is fearr chun athmhuintearas a bhaint amach, fiú i gcásanna an-deacra, ná go n-oibreoidh tíortha le chéile chun teacht ar chomhréitigh.

Bíonn an AE i gcónaí ag iarraidh caidrimh mhaithe a bheith aige, ní hamháin lena chomharsana ach le tíortha nach iad ar fud an domhain chomh maith. Bíonn an AE ag tacú leis na Náisiúin Aontaithe freisin, agus iad ag iarraidh fadhbanna deacra an domhain a réiteach.


Ach bíonn easaontais go minic idir tíortha, agus is brónach an scéal é go bhfuil cogaí ar siúl i láthair na huaire i go leor áiteanna, san Afraic agus sa Mheánoirthear mar shampla, agus fiú san Eoraip, le hionradh na Rúise ar an Úcráin. Deirtear gur ionann an AE agus tionscadal na síochána. Beidh an AE ag tacú leis an Úcráin, tír atá ag tnúth le bheith páirteach i dteaghlach an AE lá éigin, agus Éire ina hUachtarán ar an AE.

Bhíodh Éire ag obair riamh ar son na síochána sa Mheánoirthear, agus le linn di a bheith ina hUachtarán, leanfar leis an obair chun an tsíocháin a spreagadh sa Mheánoirthear, agus an

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 10 30/07/2026 18:22

t-achrann fada atá ar siúl idir muintir Iosrael agus na Palaistíne san áireamh.

Bíonn tíortha an AE ag obair le chéile i gcoinne cibear-ionsaithe (ionsaithe ar chórais ríomhaireachta) chomh maith le hionsaithe ar cháblaí faoi uisce. Is féidir le tíortha éagsula an AE a gcomhairle féin a bheith acu maidir le cosaint agus slándáil – a gcuid arm, go bunúsach – agus tá meas ag an AE ar a gcearta faoin méid sin.



Bhíodh an AE ag obair riamh chun an saol a fheabhsú do dhaoine i dtíortha níos boichte. Bíonn sé ag cabhrú leo a ngeilleagair a fhorbairt agus deireadh a chur leis an mbochtaineacht. Cuireann sé cabhair dhaonnúil ar fáil freisin – rudaí cosúil le bia agus cógais agus áit shábháilte codlata – do dhaoine atá ag fulaingt de dheasca tubaistí nádúrtha nó coimhlinte. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh a chinntiú go mbeidh airgead chun cabhrú le tíortha eile san áireamh sa CAI (buiséad an AE).

Tá athrú tagtha le déanaí ar an gcaoi ina ndéanann tíortha ar fud an domhain gnó – sé sin le rá, an chaoi a gceannaíonn agus a dhíolann siad rudaí lena chéile. Mar gheall ar na hathruithe seo, caithfidh an AE modhanna nua a aimsiú chun comhoibriú le tíortha eile. Le linn Uachtaránacht na hÉireann, beidh an AE ag obair ar chomhaontuithe trádála le tíortha eile.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 11 30/07/2026 18:22



3. Bainistiú Gheilleagar an AE

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

Tá an AE ina bhainisteoir ar gheilleagar ollmhór. Is dócha go bhfuil a fhios agat go mbaineann 'geilleagar' le hairgead. Mar a tharlaíonn, baineann sé níos mó leis an dóigh a smaoiníonn tíortha faoi airgead, conas é a úsáid chun rudaí a chur i gcrích ionas gur féidir le daoine gnólachtaí a reáchtáil agus poist a sholáthar, agus conas a phleanálann siad i gcomhair na mblianta atá romhainn amach.

Is éard atá i gceist le hairgead a infheistiú ná rud éigin a dhéanamh leis sa dóigh go méadóidh sé. Nuair a bhíonn airgead fágtha ag daoine, tar éis dóibh íoc as a gcuid billí agus araile, is minic a chuireann siad an t-airgead breise sa bhanc. Ach ní fhásfaidh sé ach beagáinín nó ní dhéanfaidh sé aon rud fiúntach agus é sa bhanc.

Dá n-infheisteodh daoine a gcuid airgid i ngnólachtaí in ionad é a fhágáil sa bhanc, chabhródh an méid sin leis na gnólachtaí siúd fás. Chuirfeadh sé sin fás ar an ngeilleagar chomh maith. Agus bheadh súil ag an infheisteoir roinnt airgid a fháil ar ais freisin. Faoi Uachtaránacht na hÉireann, beidh an AE ag iarraidh é a dhéanamh níos fusa do mhuintir an AE a gcuid airgid a bhogadh thart agus é a infheistiú ar bhealaí éagsúla ar fud an AE.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 12 30/07/2026 18:22



Más rud é go bhfuil an t-ádh ort seantuismitheoirí a bheith agat, is dócha go bhfuil pinsean acu (airgead a fhaigheann tú tar éis duit dul ar scor ón obair, ionas gur féidir leat íoc as rudaí a theastaíonn uait). Chun geilleagar a bhainistiú go maith, ba chóir pinsean a sholáthar do dhaoine ar scor. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair ar an méid sin.

Déanann go leor daoine a gcuid siopadóireachta ar líne. Ba chóir go mbeadh a gcuid airgid sábháilte agus daoine ag siopadóireacht ar líne, go rachadh sé chuig an áit cheart agus go bhfaigheadh na daoine an rud a cheannaigh siad. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair ar ríomhthráchtáil (siopadóireacht ar líne) a dhéanamh níos sábháilte ar fud an AE.

Ó rinne an Rúis ionradh uirthi, tá tacaíocht airgeadais ag teastáil go práinneach ón Úcráin, agus tá cistí á gcur ar fáil ag an AE di. I ndiaidh an chogaidh a bheith thart, beidh cabhair an AE ag teastáil ón Úcráin arís, chun bloic árasán, monarchana, stáisiúin chumhachta agus araile a atógáil, ionas go mbeidh na daoine in ann gnáthshaol a bheith acu arís. Sin rud a bheidh á phleanáil ag an AE le linn Uachtaránacht na hÉireann.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 13 30/07/2026 18:22



4. Eoraip Slán Sábháilte

Ceartas agus Gnóthaí Baile

Tá sé tábhachtach go n-oibríonn tíortha an AE le chéile chun na daoine atá ina gcónaí san AE a choinneáil sábháilte. Chun an méid sin a dhéanamh, ní mór dúinn ár dteorainneacha a choinneáil slán – mar shampla, chun cosc a chur ar choirpigh drugaí nó airm nó fiú daoine a smuigleáil, agus iarracht á dhéanamh acu éalú ón dlí. Seift amháin a bheidh ag Uachtaránacht na hÉireann chun muintir na hEorpa a choinneáil slán ná a chinntiú go n-oibreoidh córais ríomhaireachta an AE le chéile sa dóigh gur féidir le póilíní, breithiúna agus gardaí teorann an AE eolas a roinnt lena chéile.

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh daoine – agus leanaí ach go háirithe – a choinneáil slán agus iad ar líne.

Tá an ceart ag páistí a gcuid tuairimí a thabhairt faoi nithe a bhaineann leosan, agus is gá go n-éistfeadh na daoine fásta leo. Aontaíonn an AE leis sin, agus tá sé ar intinn ag Uachtaránacht na hÉireann go dtarlóidh sé sin níos minice.

Fágann daoine a dtíortha féin uaireanta. Téann siad ar lorg oibre nó chomh fada lena ngaolta nó chun staidéar a dhéanamh i dtír eile. Tugtar imirce ar an méid sin, agus is imircigh iad na daoine

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 14 30/07/2026 18:22

a dhéanann amhlaidh – rud a bhíodh á dhéanamh le fada an lá ag muintir na hÉireann agus, mar gheall air sin, tá pobal Éireannach sa Bhreatain agus sna Stáit Aontaithe, mar shampla. Sa lá atá inniu ann, tá Éireannaigh fós ag dul thar lear chun cónaí nó chun taithí oibre a fháil. Tá imircigh ag teastáil ón AE mar oibrithe, agus is gá fáilte a chur rompu.

Cuid de na himircigh a thagann chun an AE, níl sé ar intinn acu obair ná staidéar a dhéanamh anseo, ach tá siad ag teitheadh ó chontúirt ina dtíortha féin. Is ag lorg cosanta agus tacaíochta in áit shábháilte a bhíonn siad. Tugtar tearmann air sin. Tá an AE ag iarraidh a bheith cothrom le gach duine a thagann chugainn, agus leis na daoine atá ina gcónaí san AE cheana féin chomh maith. Nuair a thagann daoine ar thóir tearmainn, is gá a chur in iúl dóibh go tapa an bhfuil cead acu fanacht nó nach bhfuil.

Tá plean ag an AE ar a dtugtar an Comhaontú maidir le himirce agus Tearmann. Tá sé beartaithe ag Uachtaránacht na hÉireann obair a dhéanamh ar an Chomhaontú seo ionas go mbeidh na rialacha soiléire céanna ag gach tír san AE maidir le himirce agus tearmann, agus gur féidir leo iad a chur i bhfeidhm níos tapúla agus i ndóigh atá cothrom do chách.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 15 30/07/2026 18:22



5. Aire a Thabhairt do Mhuintir an AE

Fostaíocht, Polasaí Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí


Ba cheart go mbeadh daoine in ann a gcuid billí a íoc agus a dteaghlaigh a bheathú. Bealach amháin chun an méid sin a chur i gcrích ná poist a bheith ag daoine le pá réasúnta agus coinníollacha cothroma.

Tá seift ag an AE ar a dtugtar Treochlár na bPost Cáilíochta. Is éard atá i gceist ná go mbeidh riachtanais oibrithe agus fostóirí ag teacht le chéile – ionas go mbeidh poist mhaithe le fáil ag muintir an AE, agus gur féidir le fostóirí daoine a bhfuil na scileanna cearta acu a aimsiú. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh an Treochlár seo a chur i ngníomh.

Nuair a bhíonn duine dífhostaithe san AE, nó cuir i gcás go bhfuil siad tinn agus nach bhfuil siad ábalta obair, tugann an rialtas cabhair dóibh – roinnt airgid ar a dtugtar íocaíochtaí slándála sóisialta. Bogann oibrithe an AE go minic ó thír go tír ag lorg oibre, agus is féidir go mbeadh íocaíochtaí slándála sóisialta de dhíth ar dhuine agus iad i dtír nach a dtír dhúchais í. Is féidir leis sin a bheith deacair, toisc difríochtaí a bheith ann idir na córais slándála sóisialta i dtíortha an AE. Tá an AE ag iarraidh go n-oibreoidh na tíortha le chéile ionas gur féidir

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 16 30/07/2026 18:22

le duine an chabhair atá uaidh nó uaithi a fháil, is cuma cén tír den AE ina bhfuil siad. Sin rud a bheidh le déanamh ag Uachtaránacht na hÉireann.



Tá an iomarca daoine san AE ag maireachtáil i mbochtaineacht, cuir i gcás daoine dífhostaithe, daoine faoi mhíchumas, imircigh, mar aon lena dteaghlaigh. Ba mhaith leis an AE deireadh a chur leis an mbochtaineacht agus feabhas a chur ar shaol daoine i mbochtaineacht, leanaí go háirithe.

Mar sin, tá plean aige dar teideal Ráthaíocht Eorpach do Leanaí. Té sé mar aidhm ag an bplean seo saol leanaí i mbochtaineacht a dhéanamh níos fearr. Chun an méid seo a bhaint amach, ba mhaith an rud é go mbeadh seans ag páistí beaga óga freastal ar réamhscoileanna dea-reáchtáilte. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh an plean seo a chur i gcrích le linn a tréimhse Uachtaránachta.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 17 30/07/2026 18:22

Tá an-fhonn ar Uachtaránacht na hÉireann freisin a chinntiú go mbeidh sé níos éasca do dhaoine san AE áiteanna cónaithe oiriúnacha a cheannach nó a fháil ar cíos.

Ceann de na rudaí a ghlacann an AE go han-dáiríre is ea ceart gach duine san AE go gcaithfí go cothrom leo. Déanfaidh Uachtaránacht na hÉireann gach a bhfuil ar a cumas chun go bhfaighidh cách cothrom na Féinne le meas orthu agus dínit.

Do dhaoine le míchumas, go háirithe, beimid ag obair chun a chinntiú go mbeidh an teicneolaíocht agus na huirlisí acu a theastaíonn uathu le maireachtáil go neamhspleách agus páirt a ghlacadh sa saol laethúil.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 18 30/07/2026 18:22



‘Is fearr an tsláinte ná an táinte,’ a deirtear. Tá sé seo fíor faoi thíortha chomh maith. Is ionann Eoraip rathúil agus daonra sláintiúil. Tá dochtúirí, altraí agus oibrithe cúram sláinte atá oilte go sár-mhaith san AE, chomh maith le hospidéil den scoth.

Díreoidh Uachtaránacht na hÉireann ar eolaithe a spreagadh chun bealaí nua agus níos fearr a aimsiú chun tinneas a leigheas agus paindéimí a chosc. Tacófar freisin le daoine a bheith gníomhach agus ithe go maith ionas go bhfanfaidh siad sláintiúil. Cuid thábhachtach de sin is ea an tsláinte mheabhrach, agus cuirfidh Éire sláinte agus folláine mheabhrach chun cinn le linn a hUachtaránachta. Bíonn costas ag baint le daoine a choinneáil slán, ar ndóigh, ach sábháiltear airgead san fhadtréimhse, mar nach gá do dhaoine sláintiúla mórán ama a chaitheamh san ospidéal ná cógais chostasacha a ghlacadh.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 19 30/07/2026 18:22



6. Eoraip Rathúil

Iomaíochas

B'fhéidir go bhfuil an focal iomaíochas ar eolas agat ó chúrsaí spóirt. Na himreoirí is iomaíche, is iadsan na daoine a mbíonn an bua acu de ghnáth. Nuair a úsáideann daoine an focal 'iomaíochas' faoi thír, ciallaíonn sé mórán an rud céanna. Is é an t-iomaíochas a fhásann ár ngeilleagar agus a sholáthraíonn poist ardchaighdeáin dár muintir.

Déanann nó saothraíonn tír iomaíoch rudaí ar mian le tíortha eile iad a cheannach – rudaí cosúil le bia agus cógais agus innealra, nó d'fhéadfadh sí seirbhísí a sholáthar ar nós tacaíocht ríomhaireachta nó margaíochta. Caithfidh tíortha iomaíocha a bheith nuálach (smaointe nua acu agus rudaí nua a tháirgeadh) agus scileanna agus bonneagar maith (bóithre, iarnróid, eangach leictreachais, córais ríomhaireachta agus araile) a bheith acu. Is deacair gach trá a fhreastal. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh go mbeidh an AE in ann na liathróidí cleasaíochta go léir a choinneáil san aer.

Ag croílár an AE tá an Margadh Aonair. Is éard is brí leis sin ná gur féidir le saoránaigh an AE teorainneacha na hEorpa a thrasnú gan stró agus iad ag lorg oibre, mar shampla. Is cóir gur féidir le hearraí agus airgead na teorainneacha a thrasnú chomh maith, rud a spreagfadh cúrsaí gnó idir tíortha an AE. Is maith an tseift

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 20 30/07/2026 18:22

é an Margadh Aonair, ach chun an fhírinne a rá, ní bhíonn sé chomh simplí sin i ndáiríre.



Chun an cás seo a fheabhsú, tá Treochlár ann, a dtugtar Eoraip Amháin, Margadh Amháin air. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh an Treochlár seo a chur i bhfeidhm. Cuirfear béim faoi leith ar thacaíocht a thabhairt do chomhlachtaí – cinn bheaga ach go háirithe – chun smaointe nua a chumadh ionas gur féidir leo fás.

Cuireann Fís Eorpach maoiniú ar fáil ionas gur féidir le heolaithe den scoth taighde tábhachtach a dhéanamh. Baineann taighde le ceisteanna móra a chur agus turgnaimh chúramacha a dhéanamh ionas gur féidir linn tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn rudaí. Tugann sé faisnéis dúinn ar féidir linn a úsáid chun fadhbanna a réiteach agus cuidíonn sé linn teacht ar smaointe nua iontacha a d'fhéadfadh feabhas a chur ar shaol daoine. Trí Fís Eorpach, is féidir le tíortha ar fud na hEorpa oibriú le chéile, ag roinnt eolais ionas gur féidir le heolaithe cógais níos fearr agus teicneolaíochtaí níos glaine a chruthú, agus an todhchaí a dhéanamh níos sláintiúla agus níos sábháilte do chách.

Neartaíonn iomaíochas rathúnas eacnamaíoch. Ba mhaith leis an AE ag an am céanna a bheith cothrom le gach duine, an comhshaol a chosaint agus aire a thabhairt do leas mhuintir an AE. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair chun a chinntiú go bhfuil an AE níos fearr don chomhshaol agus níos cliste ó thaobh na teicneolaíochta de. Cuirfear béim ar leith ar éascaíocht a dhéanamh gnó Eorpach a thosú agus ar uaillmhianta na hEorpa chun an spás a thaiscéaladh.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 21 30/07/2026 18:22



7. Ag Taisteal, i dTeagmháil, ag Úsáid Fuinnimh

Iompar, Teileachumarsáid, Fuinneamh

Ní mór go mbeadh daoine agus gnóthaí an AE in ann a bheith i mbun cumarsáide lena chéile gan stró agus go sábháilte trí theileachumarsáid (fóin agus ríomhairí). Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag cur feabhais ar rialacháin na teileachumarsáide chun iad a dhéanamh níos simplí. Beidh sí ag lorg infheistíochta (airgead) freisin chun na cáblaí cumarsáide faoi uisce a chosaint.

Baineann daoine fásta úsáid as an Idirlíon go minic – agus de réir mar a théann tú in aois beidh an rud céanna á dhéanamh agatsa. Is rud áisiúil é an tIdirlíon, ach is féidir leis bheith contúirteach freisin; agus mar sin caithfidh gach duine a bheith an-chúramach ar líne. Caithfidh an AE dlíthe láidre a dhéanamh freisin chun caighdeáin a leagan síos le haghaidh sábháilteachta ar líne ar fud an AE. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair chun teacht ar chomhaontú ar dhlí chun caighdeáin slándála a mhéadú ar an Idirlíon agus ar fud an AE, chun daoine a chosaint agus iad ag baint úsáide as a gcuid gléasanna ar líne.

Ní féidir leis an AE bheith i mbun gnó gan naisc mhaithe iompair a bheith ar fud na hEorpa – amhail iarnróid, bealaí mara agus aerthaistil – sa dóigh gur féidir le hearraí agus le daoine bogadh thart. Caithfidh daoine bheith in ann taisteal go sábháilte ar bhóithre an AE agus ar iompar poiblí ar féidir leo brath air, ar phraghas

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 22 30/07/2026 18:22

réasúnta. Chun taisteal a dhéanamh níos fusa, beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh cearta na bpaisinéirí a fheabhsú ar fud na hEorpa agus modhanna éagsúla iompair a bheith san áireamh.

Tá roinnt gluaisteán ann cheana féin a bhaineann úsáid as leictreachas glan ón ngaoth agus ón ngrian, ach tá ar chórais iompair na hEorpa éirí níos glaine agus níos glaise fós. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair ar chaighdeáin a thabhairt isteach a chinnteoidh feithiclí níos glaine agus laghdú ar astuithe carbóin (CO_2), an phríomhchúis le hathrú aeráide.

Is é an fuinneamh a chuireann gach rud eile ag obair. Mar sin, tá soláthar fuinnimh ar féidir linn brath air ríthábhachtach don Eoraip. Tá an AE ag iarraidh smacht a chur ar an athrú aeráide. Más mian linn é sin a bhaint amach, beidh orainn athruithe an-mhór a dhéanamh ar an dóigh a tháirgimid an fuinneamh; an dóigh a úsáidimid é chun ár dtithe a théamh; agus an saghas breosla a chuirimid ar fáil dár bhfeithiclí agus dár monarchana.

Tá slándáil fuinnimh – bheith in ann brath ar ár ndóthain fuinnimh a bheith againn – iontach tábhachtach. Sin an fáth go gcaithfidh an Eoraip a bheith i gcónaí ag pleanáil le haghaidh an fhuinnimh.

Slí amháin chun an tslándáil fuinnimh a neartú is ea gan a bheith ag brath i gcónaí ar shaghas amháin fuinnimh. Mar sin, dá mbeadh fadhb i leith sholáthairtí leictreachais, cuir i gcás, d'fhéadfaimis úsáid a bhaint as breosla eile go dtí go mbeadh an fhadhb réitithe. Réiteach níos fearr fós ná níos mó fuinnimh a tháirgeadh dúinn féin as cumhacht na gréine agus na gaoithe. Dhéanfadh sé sin maitheas don chomhshaol chomh maith – agus is bua faoi dhó é sin! Le linn Uachtaránacht na hÉireann tá sé ar intinn ag an AE go mbeidh soláthairtí fuinnimh níos glaine ag an Eoraip sna blianta amach romhainn.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 23 30/07/2026 18:22

8. Feirmeoireacht agus Iascaireacht

Talmhaíocht agus Iascaireacht

Tá soláthairtí bia ag an AE ar féidir linn brath orthu, toisc go dtáirgeann ár bhfeirmeoirí agus ár n-iascairí go leor bia chun sinn a bheathú.

Tá Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) ag an Eoraip le fada an lá, ach tá sé in am anois athbhreithniú a dhéanamh air. Beidh forbairt ar an méid seo ina chuid thábhachtach d'obair an AE le linn Uachtaránacht na hÉireann. Caithfidh an CBT leasaithe a chinntiú gur féidir le feir-meoirí ioncam réasúnta a thuilleamh. Caithfidh sé tacú leis na pobail tuaithe ina bhfuil feirmeoirí agus a gcomharsana ina gcónaí agus i mbun oibre. Caithfidh sé feirmeoirí a spreagadh freisin chun aire a thabhairt don chomhshaol. Agus caithfidh sé a bheith i bhfad níos simplí oibriú leis, ionas nach gcaithfidh feirmeoirí an oiread sin ama ar pháipéarachas. Ba mhaith leis an AE go gcuideodh an CBT le feirmeoirí cothromaíocht a aimsiú idir bia a tháirgeadh agus astaíochtaí díobhálacha a laghdú. Cleas deacair!

Ba thuairim choitianta tráth gurb ionann an fheirmeoireacht agus obair fir, ach tá athrú ag teacht ar an bharúil sin. Is í 2026 Bliain Idirnáisiúnta an Fheirmeora Mná, agus cuirfidh Uachtaránacht na hÉireann béim faoi leith ar chion na mban san fheirmeoireacht.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 24 30/07/2026 18:22

Tá 30 faoin gcéad de dhaonra na hEorpa ina gcónaí i gceantair thuaithe nó chósta. Ní bhíonn an méid céanna airgid á thuilleamh ag na daoine sin de ghnáth i gcomparáid le daoine eile san Eoraip. Tá gá le poist den chéad scoth i gceantair thuaithe ionas go mbeidh caighdeán maireachtála níos fearr ag muintir na tuaithe. Tá seirbhísí níos fearr ag teastáil uathu freisin, amhail naisc iompair, soláthairtí maithe uisce agus ospidéil atá níos gaire don bhaile. Tá Plean Gníomhaíochta Tuaithe ag an AE agus beidh sé ar intinn ag Uachtaránacht na hÉireann go gcuirfear an plean sin i ngníomh.

Tá Comhbheartas Iascaigh ag an Eoraip freisin. Is éard atá i gceist leis seo ná a chinntiú gur féidir iascaireacht (iasc a ghabháil ar muir) agus dobharshaothrú (feirmeoireacht éisc agus sliogéisc agus plandaí san uisce) a dhéanamh agus an comhshaol a chosaint. Beidh breathnú ar na chéad chéimeanna eile don Chomhbheartas Iascaigh ina chuid thábhachtach d'obair an AE le linn Uachtaránacht na hÉireann.

Bíonn éiceachóras comhdhéanta de rudaí neamhbheo, amhail carraigeacha agus uisce, agus iad fite fuaite le gach cineál créatúr agus planda atá ina gcónaí ina measc, iad uile ag brath ar a chéile. Tugtar iascaireacht inbhuanaithe ar an gcineál iascaireachta a dhéantar sa dóigh go mbíonn éiceachórais sláintiúil agus nach ndéantar ró-iascaireacht.

Téann roinnt speiceas éisc ar imirce, ag taisteal ar fud uiscí an AE agus uiscí nach mbaineann leis an AE chun ithe agus atáirgeadh (leanaí a bheith acu). Mar gheall air sin, caithfidh an AE aontú le tíortha eile cé mhéad éisc is féidir a ghabháil gach bliain, agus iascaireacht inbhuanaithe á cleachtadh ag na hiascairí. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag tacú leis an AE chun teacht ar chomhaontú maidir leis an méid éisc is féidir a ghabháil in 2027.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 25 30/07/2026 18:22



9. Cosaint an Chomhshaoil

An Comhshaol

Tá an AE ina cheannaire domhanda agus é ag obair ar son na haeráide, ach ní mór dúinn dul i bhfad níos tapúla ionas nach rachaidh an t-athrú aeráide chun donais. Ní féidir dul i ngleic leis an athrú aeráide gan a bheith ag obair le chéile chun an comhshaol a chosaint. Tá salachar an chomhshaoil, cailliúint bithéagsúlachta (laghdú ar líon na ngnéithe plandaí, ainmhithe is araile) agus an t-athrú aeráide fite fuaite lena chéile. Mar sin, ní mór dul i ngleic leo le chéile.

Faoi Uachtaránacht na hÉireann, beidh an AE ag tacú leis an ngeilleagar ciorclach. Is éard is brí leis sin ná úsáid chúramach a bhaint as acmhainní an phláinéid. Is é an rud atá i gceist ná gan rudaí a chur amú, ná iad a chaitheamh amach má bhriseann siad nó mura dteastaíonn siad uainn a thuilleadh. Ina ionad sin, ba chóir dúinn earraí briste a dheisiú; rudaí mar pháipéar, gloine agus plaisteach a athchúrsáil; agus rudaí nach bhfuil de dhíth orainn a thabhairt ar aghaidh ionas gur féidir le daoine eile úsáid a bhaint astu.

Tá spéis faoi leith ag an AE i gcosaint ár gcuid farraigí. Le linn Uachtaránacht na hÉireann, beidh béim freisin ar ár n-uiscí úra (lochanna agus aibhneacha) a choinneáil glan, sláintiúil.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 26 30/07/2026 18:22

Beidh Uachtaránacht na hÉireann i gceannas ar an AE agus idirbheartaíocht ar siúl sna Náisiúin Aontaithe maidir leis an aeráid, an comhshaol agus an uisce, lena n-áirítear na cruinnithe comhshaoil is mó ar domhan – COP31, ar an aeráid, agus COP17, ar bhithéagsúlacht.

Beidh Éire i mbun óstála ar Chruinniú Mullaigh Domhanda an Bhithgheilleagair san fhómhar. Is éard is brí le bithgheilleagar ná córas ina n-úsáidtear rudaí beo – plandaí, miocrorgánaigh (frídíní maithe) agus mar sin de – chun bia, fuinneamh agus rudaí eile a tháirgeadh in ionad breoslaí amhail ola nó plaisteach (atá déanta as ola) a úsáid. Sin an chaoi le rudaí a theastaíonn uainn a tháirgeadh gan dochar a dhéanamh don chomhshaol.

Is tasc ollmhór é ár dtimpeallacht a choinneáil glan, sláintiúil agus an t-athrú aeráide a chomhrac. Ach chomh maith leis sin, is deis í do lucht an AE bheith ag obair le teicneolaíochtaí níos glaise agus bealaí nua chun maireachtáil ar an Domhan, agus aire a thabhairt dó, á bhforbairt againn.



EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 27 30/07/2026 18:22



10. Mol an Óige - Foghlaim agus Spraoi

Oideachas, Óige, Cultúr agus Spórt


Tá lucht saothair dea-oilte ag teastáil ón AE, go háirithe daoine atá oilte i réimsí cosúil leis an intleacht shaorga (AI as Béarla). Mar sin, tá tábhacht faoi leith ag baint leis na hábhair ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic) i scoileanna agus in ollscoileanna faoi láthair. Tá plean gníomhaíochta ag an AE do ETIM, agus beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh an plean sin a chur chun cinn.

Ní gá do gach duine a bheith ina theicneoir, ach ní mór go mbeadh beagnach gach duine in ann úsáid a bhaint as ríomhairí ag obair nó ina saol go laethúil. Tugtar litearthacht dhigiteach air sin. Faoi Uachtaránacht na hÉireann, beidh an AE i mbun plean chun scileanna ríomhaireachta a fheabhsú ar fud an AE.

Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag obair freisin ar fhorbairt oideachais agus cúraim luath-óige (do pháistí beaga óga) agus oideachais speisialta (do leanaí faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais bhreise acu), ionas go mbeidh tús maith sa saol ag gach leanbh san AE.

Tá sé thar a bheith tábhachtach d'Uachtaránacht na hÉireann go mbeadh páistí sábháilte agus iad ar líne; mar sin, beidh sí ag obair go dian chun é sin a chur i gcrích. Seift amháin atá aici ná

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 28 30/07/2026 18:22



éisteacht go géar le daoine óga agus iad ag cur síos ar nithe a tharlaíonn agus iad ar líne.

Clár eile a bheidh á stiúradh ag Uachtaránacht na hÉireann is ea Erasmus+. Is clár é seo de chuid an AE maidir leis an oideachas agus an oiliúint, an óige agus an spórt. Tugann an clár seo deis do mhic léinn agus do dhaoine faoi oiliúint roinnt ama a chaitheamh ag staidéar thar lear. Nuair a bheidh tú níos sine, b'fhéidir gur bhreá leat páirt a ghlacadh sa chlár seo. Ná déan dearmad ar an ainm: Erasmus+!

Gach bliain, roghnaítear cúpla cathair chun bheith mar Phríomhchathracha Cultúir na hEorpa. Bhí Gaillimh ina Príomhchathair Cultúir sa bhliain 2020. I mbliana is iad Oulu san Fhionlainn agus Trenčín na Slóvaice na Príomhchathracha Cultúir. Bíonn neart imeachtaí i gcónaí sna cathracha a roghnaítear – amharclannaíocht sráide, ceolchoirmeacha, gníomhaíochtaí do leanaí agus mar sin de – agus is minic a thagann turasóirí chun cuairt a thabhairt ar Phríomhchathair Chultúir, chun páirt a ghlacadh sa spraoi.

Níl i gclár na bPríomhchathracha Cultúir ach cuid den obair atá á déanamh ag an AE chun tacú le cultúr. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag iarraidh comhaontú a fháil faoin gcéad phlean oibre eile de chuid an AE don chultúr.

Tá spóirt agus cluichí traidisiúnta thar a bheith láidir in Éirinn. Tá spóirt de gach saghas iontach tábhachtach mar bhealach chun pobail a thabhairt le chéile – go háirithe na cluichí Gaelacha in Éirinn. Beidh Uachtaránacht na hÉireann ag ceiliúradh spórt agus cluichí traidisiúnta ar fud na hEorpa.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 29 30/07/2026 18:23

Maidir le Siobhán Parkinson

Tá Siobhán Parkinson tar éis a lán leabhar do leanaí a scríobh, a chur in eagar agus a aistriú. Ise an chéad Laureate na nÓg in Éirinn, agus bhunaigh sí Little Island Books. Tá sí ar scor anois agus caitheann sí a cuid ama ag smaoineamh, ag ithe seacláide, ag éisteacht le closleabhair agus ina luí ar a tolg, scaití san aon am.

Maidir le Nene Lonergan

Is ealaíontóir Téalannach/Éireannach í Nene Lonergan atá lonnaithe sa RA. Mhaisigh sí roinnt leabhar, ina measc an tsraith úrscéalta grafacha Amelia Cheeseheart Investigates! a d'fhoilsigh Guppy Books. Líníocht agus scríobh an dá rud is ansa léi ar domhan.

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 30 30/07/2026 18:23

Maidir le Little Island

Is foilsitheoir neamhspleách é Little Island Books a fhoilsíonn scoth na scríbhneoireachta Éireannaí do léitheoirí óga i ngach áit. An chéad Laureate na nÓg, Siobhán Parkinson, a bhunaigh, agus an Chomhairle Ealaíon a mhaoiníonn é. Díoltar foilseacháin Little Island ar fud dhomhan an Bhéarla, aistrítear iad in a lán teangacha agus tá gradaim buaite acu, ina measc Leabhar na Bliana ag Leabhair Pháistí Éireann (trí huaire), roinnt Gradam Leabhar na hÉireann agus gradaim White Raven ó Leabharlann Idirnáisiúnta na nÓg. D'ainmnigh Youth Library Group sa RA Little Island mar Fhoilsitheoir na Bliana in 2023 agus bronnadh Ardmholadh air ag Gradaim Leabhar na Breataine 2024.

Little Island
Books create waves

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 31 30/07/2026 18:23

Uachtaránacht na hÉireann ar an AE

Ón 1 Iúil go dtí an 31 Nollaig 2026, beidh Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ag Éirinn.

Fógraíodh clár beartais agus tosaíochtaí na hÉireann go poiblí i mí an Mheithimh 2026 agus is féidir iad a fháil ar líne.

Chun a chinntiú gur féidir fiú leis na daoine is óige inár sochaí páirt a ghlacadh san Uachtaránacht, coimisiúnaíodh go speisialta an comhlacht foilsitheoireachta neamhspleách Éireannach Little Island Books, a bhuaigh duaiseanna, chun clár Uachtaránacht na hÉireann a aistriú go cruthaitheach sa leabhar seo do leanaí.

Tá a thuilleadh eolais ar líne ag eire2026.eu nó ireland2026.eu

ÉIRE2026.EU
IRELAND2026.EU

EUPolicy_Text_Irish_Final_30Jul.indd 32 30/07/2026 18:23